# Uachtarán na hÉireann

Eochairfhocail: uachtarán, uachtaránacht, ócáidí, cumhachtaí, Áras an Uachtaráin,

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, caint.
Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cén fhad a bhí Mícheál D. Ó hUiginn sa ról mar Uachtarán?
2. Cén áit a bhfuil cónaí ar an Uachtarán?
3. Breac síos dualgas amháin a bhíonn ar Uachtarán na hÉireann.
4. Céard é an t-uasmhéid atá ceadaithe ó thaobh blianta de don uachtaránacht?
5. An bhfuil cumhachtaí móra tábhachtacha ag an Uachtarán, dar le Donncha Ó Murchú?



Foghlaim TG4

**Anois leis an duine in aice leat an féidir leat labhairt faoin méid atá ar eolas agat maidir le hoifig Uachtarán na hÉireann?**

- Cé hí an chéad Uachtarán eile? Ar lean sibh an feachtas uachtaránachta a bhí ar siúl le déanaí? Ar fhéach sibh ar na díospóireachtaí? An gceapann sibh go mbeidh an chéad Uachtarán eile go maith? Cén fáth?
- Cérbh é an chéad Uachtarán? Cathain a bunaíodh Oifig an Uachtaráin?
- An raibh aon mhná againn mar Uachtaráin? Má bhí, cad ab ainm dóibh?
- An gceapann sibh go bhfuil tábhacht ag baint le ról an Uachtaráin in Éirinn sa lá atá inniu ann? Cén fáth?

**Anois, an féidir libh pictiúr a tharraingt d'Áras an Uachtaráin agus an chéad Uachtarán eile ina seasamh taobh amuigh de dhoras tosaigh an Árais?**

# Na Freagraí

1. 14 bliana
2. Áras an Uachtaráin, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath
3. Freastalaíonn sé/sí ar ócáidí speisialta, síníonn sé/sí dlíthe, cuireann sé/sí fáilte roimh dhaoine tábhachtacha, buaileann sé/sí le daoine speisialta ó thíortha eile, is é/í ceannaire na bhFoirne Cosanta é/í
4. 14 bliana
5. Níl



Foghlaim TG4